

ELeathanach318

Dé Luain 25 Márta 2019

Beidh an deireadh seachtaine gnóthach i bPáirc an Chrócaigh

An deireadh seachtaine seo chugainn beidh a lán cluichí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Beidh an chuid is mó de na cluichí ceannais ar siúl sa tsraith peile chomh maith le cluiche camógaíochta agus cluiche iománaíochta.

Dé Sathairn beidh an cluiche ceannais ar siúl i rannóg 4 den tsraith. Beidh Doire agus Liatroim ag imirt i gcoinne a chéile. Ansin beidh Dún na nGall agus an Mhí ag imirt i gcoinne a chéile sa chluiche ceannais i rannóg 2.

Dé Domhnaigh beidh trí chluiche ar siúl. Tosóidh an lá le cluiche camógaíochta. Beidh Gaillimh agus Cill Chainnigh ag imirt i gcoinne a chéile ag meán lae. Ina dhiaidh sin beidh cluiche iománaíochta idir Luimneach agus Port Láirge. Agus ar deireadh beidh cluiche peile idir Ciarraí agus Maigh Eo i rannóg 1 den tsraith peile.

Daoine ag caitheamh stocaí corra!

Gach bliain ar an 21 Márta bíonn ceiliúradh ann do Lá Idirnáisiúnta Siondróm Down. Bíonn imeachtaí ar fud an domhain chun aird agus tuiscint daoine faoi Shiondróm Down a fhorbairt.

I measc na n-imeachtaí iarrann na heagraithe ar dhaoine stocaí corra a chaitheamh. I mbliana, ghlac a lán daoine cáiliúla páirt agus chaith siad stocaí corra. Ina measc, bhí Theo Walcott, an peileadóir le Everton, agus Lionel Messi. Fiú bhí pictiúr d'fhoireann sacair Exeter City ag traenáil agus iad uile ag caitheamh stocaí corra.

Dé Domhnaigh, bhí rás i bPáirc an Fhionnuisce agus bhí gach duine ag caitheamh éadaí corra. Seo an ceathrú bliain gur rith daoine sa rás corra.

Dancing With the Stars: an toradh!

Dé Domhnaigh, bhí an clár deireanach den tsraith *Dancing With the Stars* ar siúl. Ba iad Cliona Hagan, Mairéad Ronan agus Johnny Ward na daoine cáiliúla a bhí ag damhsa sa bhabhta ceannais.

Bhí ar gach péire trí dhamhsa a dhéanamh. Ar dtús, roghnaigh na moltóirí damhsa amháin ó sheachtain eile den tsraith. Ansin roghnaigh gach péire damhsa amháin ó sheachtain eile den chlár. Agus ar deireadh rinne siad damhsa amháin nua.

Cé gur thug na moltóirí marcanna do na péirí bhí an toradh bunaithe ar vótaí an lucht féachana amháin.

Bhuaigh Mairéad Ronan agus a páirtí John Nolan an trófaí. Bhí Mairéad sa lucht féachana don bhabhta ceannais anuraidh agus níor smaoinigh sí riamh go mbeadh an bua aici sa chomórtas i mbliana. Comhghairdeas leo!

